

FÓGRA MAIDIR LE FORBAIRT BHEARTAITHE CUID 8 AG ÚDARÁS ÁITIÚIL

AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 (ARNA LEASÚ)

RIALACHÁIN PLEANÁLA AGUS FORBARTHA 2001, (ARNA LEASÚ).

De bhun cheanglais Chuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001 (arna leasú) tugtar fógra leis seo go bhfuil na hoibreacha seo a leanas beartaithe ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí:

Oibreacha Ath-ailínithe Bóthair Beartaithe ag Mainistir Fheorais, Éadan Doire, Co. Uíbh Fhailí.

1. Thart ar 270 méadar de charrbhealach singil, 7.0m ar leithead a thógáil.
2. Thart ar 270 méadar líneach de 2 (Uimh.) chosáin 2.25m ar leithead a thógáil.
3. Colbhaí titim agus pábháil thadhlaigh a thógáil ag gach trasrian coisithe, nuair is gá
4. Thart ar 270 méadar líneacha de 1 (Uimh.) Chosán rothar 1.5m ar leithead a thógáil.
5. Nasc Bóthair Nua chuig Acomhal Sráid Naomh Proinsias / Chrosaire Killane (R441) a thógáil mar aon leis an timpeallán atá ann cheana féin ag an mbealach isteach chuig Páirc Ghnó Mhainistir Fheorais.
6. Mionathrú a dhéanamh ar an mbóthar isteach chuig timpeallán Pháirc Gnó Mhainistir Fheorais mar aon le hoibreacha athdheartha ar an timpealláin más gá.
7. Draenáil bóthair a sholáthar laistigh den scéim.
8. Suiteáil colbhaí *in situ*
9. Soilsiú poiblí nua a sholáthar.
10. Tógáil ballaí nua teorann agus fálú cuaille agus ráille adhmaid nuair is cuí.
11. Oibreacha tírdhreacha cuí a sholáthar.
12. Athshuíomh / atreorú seirbhísí agus fóntais phoiblí reatha nuair is gá.
13. Duchtanna nua a shuiteáil chun freastal ar sheirbhísí nua, nuair is gá.
14. Línte bána agus comharthaí bóthair a chur ar fáil.
15. Oibreacha coimhdeacha gaolmhara.

Aighneachtaí & Tuairimí:

Beidh pleananna agus sonraí na scéime molta ar fáil lena scrúdú, nó le ceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ar feadh tréimhse 4 seachtaine ó 01/02/2024 go 01/03/2024 le linn uaireanta oifige ag na honaid seo a leanas:

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, Áras an Chontae, Bóthar Bhaile an Rátha, Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí.

R35 F893 - Luan go hAoine 9.30rn go 4.00in.

Ceantar Bardasach Éadan Doire, Halla an Bhaile, Father Kearns Street, Éadan Doire, Co. Uíbh Fhailí,

R45 K766 - Luan go hAoine, 9.30rn go 1.00in & 2.00in go 4.00in.

Tá na pleananna agus sonraí ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí ag an seoladh seo: www.offaly.ie/occ_news-categories/roads-news/

Féadfar aighneachtaí nó tuairimí maidir leis an bhforbairt bheartaithe, a dhéileálann le pleanáil chúí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeadh an fhorbairt bheartaithe suite, a dhéanamh roimh 4.00pm Dé Céadaoin an 20ú Márta 2024, ach iad a sheoladh chuig an Uasal Tom Shanahan, Stiúrthóir Seirbhísí, Rannóg na mBóithre, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, Bóthar Bhaile an Rátha, Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí R35 F893, agus marcáilte go soiléir “Cuid 8 - Oibreacha Ath-ailínithe Bóthair Beartaithe ag Mainistir Fheorais, Éadan Doire, Co. Uíbh Fhailí.

Tabhair faoi deara le do thoil go mbeidh gach aighneacht agus tuairim, lena n-áirítear ainmneacha na ndaoine a rinne aighneachtaí den sórt sin agus tuairimí, mar chuid de thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh do chomhaltaí na comhairle de réir Alt 179(3) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 arna leasú agus mar sin féadfaidh an pobal breathnú orthu.

Cúrsaí Timpeallachta:

D'ullmhaigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí tuarascáil scagthástála um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) de réir cheanglas na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú). Ar bhonn na tuarascála scagthástála seo, tá sé socraithe ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí nach bhfuil aon chosúlacht ann go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt ar an gComhshaol: Dá réir sin, socraíodh nach bhfuil EIA ag teastáil maidir leis an bhforbairt bheartaithe seo.

De réir Alt 120 de na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001 (arna leasú), féadfaidh aon duine laistigh de 4 (cheithre) seachtaine ó dháta an fhógra seo, iarratas ar chinneadh scagtha a dhéanamh chuig an mBord Pleanála le fáil amach an mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe seo ar an gcomhshaol.

Rinneadh scagadh um Measúnú Cuí ar an bhforbairt de réir Threoir um Ghnáthóga an AE agus an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú). Ba é tátal an scagtha um Measúnú Cuí nár dhócha go n-eascródh tionchair shuntasacha nó neamhchinntithe ar aon láithreán Eorpach de thoradh na forbartha beartaithe, ina aonar nó i gcomhcheangal le tionscadail eile agus gur dócha agus mar sin nach mbeadh Measúnú Cuí Céim 2 ag teastáil.

Arna shíniú ag

Tom Shanahan Uasal,

Stiúrthóir Seirbhísí

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí

Áras an Chontae

Bóthar Bhaile an Bhóthair

Tulach Mhór

Contae Uíbh Fhailí

01/02/2024